Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Feabhra 2022**
**(OR. fr)**

**6207/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0023(BUD)**

**FIN 157**
**SOC 81**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 6016/22 (COM(2022) 35 final) |
| Ábhar: | Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón bhFrainc (EGF/2021/007 FR/Selecta) |

1. An 7 Feabhra 2022, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú (CED), maille leis an togra comhfhreagrach maidir le haistriú leithreasuithe Uimh. DEC 04/2022[1] ag gabháil leis.

2. Is é is aidhm don togra suim EUR 4.07 milliún ar an iomlán a shlógadh faoi CED chun freastal ar iarratas ón bhFrainc chun an Ciste a imscaradh tar éis iomarcaíochtaí i gcuideachta Selecta chun cúnamh a chur ar fáil chun na 473 thairbhí spriocdhírithe a athimeascadh sa mhargadh saothair, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2021/691[2]. Tá na hiomarcaíochtaí mar thoradh ar iarmhairtí phaindéim COVID-19 ar dhíol meaisíní díola.

[1] 5519/22.
[2] Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 (IO L 153, 3.5.2021, lch. 48).

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra ag an gcruinniú a bhí aige an 10 Feabhra 2022 agus bhí sé in ann é a fhormheas.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle téacs an Chinnidh maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú, mar a leagtar amach in 6208/22 é, a fhormheas.